

Súil níos géire

Más féidir leat, féach ar ár seisiúin scannáin i ‘Lonradh sa Ghailearaí’.

Táimid ag breathnú níos géire ar chuid de na tírdhreacha is fearr linn sa bhailiúchán.

Tóg súil ghéar timpeall an spáis ina bhfuil tú i do shuí agus tabhair roinnt sonraí atá cóngarach duit faoi deara. An chathaoir ina bhfuil tú i do shuí, na pictiúir ar na ballaí... srl. Is uirlis iontach í an ghloine mhéadaithe chun na sonraí fíor-mhíne a fheiceáil.

Nuair a fhéachann tú amach an fhuinneog, cad a fheiceann tú i bhfad uait? An féidir leat a shamhlú cad a d’fhéadfadh a bheith taobh thiar de na fáлта sceach nó na díonta?

Rinne John Butt ‘A View of Cork’ a phéinteáil ó Phlás Audley ar Chnoc Phádraig i gCorcaigh sa bhliain 1750. Tá an pictiúr suimiúil toisc gur phéinteáil sé níos mó ná mar a fheiceann tú ón bpeirspictíocht sin i ndáiríre.

D’fhéadfá triail a bhaint as an méid a fheiceann tú amach d’fhuinneog a phéinteáil m.sh. línte na gcnoc agus na bpáirceanna, na díonta, an spéir. Lón na sonraí isteach ina dhiaidh sin, na crainn, na fuinneoga... srl. Ná bíodh inní ort faoi a bheith ró-bheacht, déan iarracht ach ar an méid a fheiceann tú a thuiscin.

Is breá úsáid a bhaint as páipéar agus as péinteanna uiscedhatha le haghaidh tírdhreacha a phéinteáil. Cuir do pháipéar ar threoshuíomh tírdhreacha, atá níos faide trasna agus níos cúinge ar airde. Is féidir leat obair ar pháipéar fliuch nó tirim. Má fhliuchtar an páipéar ar dtús le huisce, scaipfidh an phéint níos éasca.

Phéinteáil Nora Mc Guinness an radharc óna fuinneog go sách scaoilte ina pictiúr ‘First Snow’ 1949, ach is féidir leat tuiscint shoiléir a bhaint fós ar an méid a chonaic sí.